

# WORLD MISSION SUNDAY MASS

## 24th OCTOBER 2021

Thirtieth Sunday in Ordinary Time, Year B

Mass for the Evangelisation of Peoples [Missal, Page 1182ff]

# 4

### Entrance Antiphon [Ps. 95:3-4]

Tell among the nations his glory,  
and his wonders among all the peoples,  
for the Lord is great and highly to be praised.

### Penitential Act

Lord Jesus, you came to gather the nations into the  
peace of God's kingdom. Lord, have mercy.  
**Lord, have mercy.**

You come in word and sacrament to strengthen us in  
holiness.  
Christ, have mercy.  
**Christ, have mercy.**

You will come in glory with salvation for your people.  
Lord, have mercy.  
**Lord, have mercy.**

May almighty God have mercy on us,  
forgive us our sins and bring us to everlasting life.  
**Amen.**

### Glory to God in the highest...

#### Collect

O God, you have willed that your Church  
be the sacrament of salvation for all nations,  
so that Christ's saving work may continue to the ends  
of the ages;  
stir up, we pray, the hearts of your faithful  
and grant that they may feel a more urgent call  
to work for the salvation of every creature,  
so that from all the peoples on earth  
one family and one people of your own  
may arise and increase.  
Through our Lord Jesus Christ, your Son,  
Who lives and reigns with you in the unity of the Holy  
Spirit, one God, for ever and ever.

### Liturgy of the Word

#### First Reading

*I will comfort the blind and the lame as I lead them back.*

#### A reading from the prophet Jeremiah [31:7-9]

The Lord says this: Shout with joy for Jacob! Hail the  
chief of nations! Proclaim! Praise! Shout: "The Lord  
has saved his people, the remnant of Israel!" See, I  
will bring them back from the land of the North and  
gather them from the far ends of earth; all of them:  
the blind and the lame, women with child, women  
in labour: a great company returning here. They had  
left in tears, I will comfort them as I lead them back;  
I will guide them to streams of water, by a smooth  
path where they will not stumble. For I am a father to  
Israel, and Ephraim is my first-born son.

**The Word of the Lord.**

#### Responsorial Psalm [Ps 125]

**R/. What marvels the Lord worked for us.  
Indeed we were glad.**

1. When the Lord delivered Zion from bondage,  
it seemed like a dream.  
Then was our mouth filled with laughter,  
on our lips there were songs. **R/.**
2. The heathens themselves said:  
"What marvels the Lord worked for them!"  
What marvels the Lord worked for us.  
Indeed we were glad. **R/.**
3. Deliver us, O Lord, from our bondage  
as streams in dry land.  
Those who are sowing in tears  
will sing when they reap. **R/.**
4. They go out, they go out, full of tears;  
carrying seed for the sowing:  
they come back, they come back, full of song,  
carrying their sheaves. **R/.**

### Second Reading

*You are a priest of the order of Melchizedek, and for ever.*

#### A reading from the letter to the Hebrews [5:1-6]

Every high priest has been taken out of mankind and  
is appointed to act for men in their relations with  
God, to offer gifts and sacrifice for sins; and so he can  
sympathise with those who are ignorant or uncertain  
because he too lives in the limitations of weakness.  
That is why he has to make sin offerings for himself  
as well as for the people. No one takes this honour on  
himself, but each one is called by God, as Aaron was.  
Nor did Christ give himself the glory of becoming  
high priest, but he had it from the one who said to  
him: You are my son, today I have become your father,  
and in another text: You are a priest of the order of  
Melchizedek, and forever.

**The Word of the Lord.**

#### Gospel Acclamation

Alleluia, alleluia!  
I am the light of the world, says the Lord,  
anyone who follows me  
will have the light of life.  
Alleluia!

### Gospel

*Master, let me see again.*

#### A reading from the holy Gospel according to Mark [10:46-52]

As Jesus left Jericho with his disciples and a large  
crowd, Bartimaeus (that is, the son of Timaeus), a  
blind beggar, was sitting at the side of the road. When  
he heard that it was Jesus of Nazareth, he began to  
shout and say, "Son of David, Jesus, have pity on me."  
And many of them scolded him, and told him to keep  
quiet, but he shouted all the louder, "Son of David,  
Jesus, have pity on me." Jesus stopped and said, "Call  
him here." So they called the blind man. "Courage,"  
they said; "get up, he is calling you." So throwing  
off his cloak, he jumped up and went to Jesus. Then  
Jesus spoke, "What do you want me to do for you?"  
"Rabbuni" the blind man said to him "Master, let me  
see again." Jesus said to him, "Go; your faith has saved  
you." And immediately his sight returned and he  
followed him along the road.

**The Gospel of the Lord.**

### Prayer of the Faithful

**Celebrant:** The love of Christ gathers us together in  
communion this World Mission Sunday, so that we  
might be renewed through this celebration of our  
faith and in our commitment to bring the Gospel to  
the ends of the earth, and so we make our prayer to  
our loving Father:

1. For our Holy Father, Pope Francis. That he may  
continue to shepherd, steward, and renew the  
flock committed to his care.  
We pray to the Lord.  
**Lord hear our prayer.**
2. For missionaries; men and women of faith  
who have left their homeland to witness to  
the Gospel in all areas of the world. That their  
example of love and mercy will guide the  
Universal Church in examples of missionary  
discipleship.  
We pray to the Lord.  
**Lord hear our prayer.**
3. For the whole Church on mission in the world.  
That we may be reminded that each of us is a  
mission always and that our faith in Jesus  
Christ sends all Christians forth to  
generously give of ourselves to build life-  
giving relationships.  
We pray to the Lord.  
**Lord, hear our prayer.**
4. For an end to the Covid-19 pandemic. That  
those suffering from the virus are brought  
healing and that those who care for them are  
brought the medical aid and support needed  
to do their life-saving work.  
We pray to the Lord.  
**Lord, hear our prayer.**
5. For young people and all who are considering  
their role in life. That many will answer the call  
to be missionaries.  
We pray to the Lord.  
**Lord, hear our prayer.**
6. For this community gathered here. That the  
support we give to the spread of the Gospel  
today may bring us all closer into communion  
with our brothers and sisters throughout the  
world.  
We pray to the Lord.  
**Lord, hear our prayer.**

7. For faith communities in the farthest frontiers,  
especially those suffering persecution. That  
they may have their human rights, equality,  
and religious freedom recognised.  
We pray to the Lord.  
**Lord hear our prayer.**

8. For deceased missionaries and for all our  
faithful departed. That they may be welcomed  
into the light of God's kingdom.  
We pray to the Lord.  
**Lord hear our prayer.**

**Celebrant:** God our loving Father, you sent your  
Son among us to reveal your wonderful plan of  
salvation. On this World Mission Sunday, send us  
out as missionaries of Gospel joy to all we meet. We  
make this and all our prayers through Christ our Lord.  
**Amen.**

### Liturgy of the Eucharist

#### Prayer over the Offerings

May the offerings and prayers of your Church, O Lord,  
rise up in the sight of your majesty and gain  
acceptance, just as the glorious Passion of your Son  
was pleasing to you for the salvation of the whole  
world.  
Through Christ our Lord.

#### Eucharistic Prayer for Various Needs III [Roman Missal pp. 671ff]

**Celebrant:** The Lord be with you.  
And with your spirit.  
**Celebrant:** Lift up your hearts.  
We lift them up to the Lord.  
**Celebrant:** Let us give thanks to the Lord our God.  
It is right and just.

It is truly right and just, our duty and our salvation,  
always and everywhere to give you thanks,  
holy Father, Lord of heaven and earth,  
through Christ our Lord.

For by your Word you created the world  
and you govern all things in harmony.



You gave us the same Word made flesh as Mediator,  
and he has spoken your words to us  
and called us to follow him.  
He is the way that leads us to you,  
the truth that sets us free,  
the life that fills us with gladness.

Through your Son  
you gather men and women,  
whom you made for the glory of your name,  
into one family, redeemed by the Blood of his Cross  
and signed with the seal of the Spirit.

Therefore, now and for ages unending,  
with all the Angels,  
we proclaim your glory,  
as in joyful celebration we acclaim:

**Holy, Holy, Holy...**

### Communion Antiphon [Ps 116:1-2]

O Praise the Lord, all you nations;  
acclaim him, all you peoples!  
For his merciful love has prevailed over us,  
And the Lord's faithfulness endures forever.

### Prayer after Communion

May our participation at your table sanctify us,  
O Lord, we pray,  
and grant that through the Sacrament of your Church  
all nations may receive in rejoicing  
the salvation accomplished on the Cross  
by your Only Begotten Son.  
Who lives and reigns for ever and ever.

This is for  
guidance only -  
please refer to  
the Missal for  
full texts

# AIFREANN DOMHNACH NA MISEAN 24 DEIREADH FÓMHAIR 2021

## An Tríochadú Domhnach Saor

Ar Son Chraobhscaoileadh An tSoiscéil do na Ciníocha [Leabhar Aifrinn, Rómhánach, pp. 1407]

### An Iontróid [Sm 95: 3-4]

Insígí glóir an Tiarna i measc na gciníocha agus a éachtaí i measc na bpobal go léir; óir is mór é an Tiarna agus is díol mór molta é.

### Gníomh Aithrí

A Thiarna Íosa, tháinig tú chun na ciníocha a chruinniú le chéile i síocháin ríocht Dé. A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

Tagann tú i mbriathar agus i sacraimint chun sinn a neartú sa naofacht: A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**

Tiocfaidh tú faoi ghlóir le slánú do phobal: A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Áiméan.**

### Glóir do Dhia sna harda...

**An Chomhurnaí**  
A Dhia ar thoil leat go mbeadh d’Eaglais ina sacraimint shlánaithe do na ciníocha go léir ionas go mairfeadh saothar slánaitheach Chríost go dtí deireadh na n-aoiseanna, spreag croíthe d’fhíréan agus deonaigh go mothóidh siad go bhfuil siad á ngairm le breis práinne chun an chrutháocht uile a shlánú ionas go n-éireoidh is go bhfásfaidh as na pobail go léir aon chlann amháin agus aon phobal amháin duitse. Trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa in aontacht an Spioraid Naoimh, ina Dhia, trí shaol na saol.

### Liotúirge an Bhriathair

### An Chéad Léacht

*Tabharfaidh mise sólás an dall agus an bacach agus mé á dtreorú ar ais.*

#### Sliocht as Leabhar Irimia [31:7-9]

Mar seo mar a deir an Tiarna: Scairtigí le lúcháir ar son Iacóib! Tógaigí gártha do cheann na náisiún! Fógraigí! Molaigí! Gáirigí: ‘Shábháil an Tiarna a phobal, fuíoll Iosrael!’ Féach, tabharfaidh mé ar ais iad as an tír thuaidh, agus cruinneoidh mé iad ó na críocha in imigéin; iad go léir, an dall agus an bacach, an bhean torrach agus an bhean i dtinneas clainne; tiocfaidh siad ina gcuideachta mhór ag filleadh. Is le gol a d’imigh siad, tabharfaidh mise sólás dóibh agus mé á dtreorú ar ais; déanfaidh mé eolas an bhóthair dóibh go srutháin uisce, slí dhíreach in áit nach bhfaighidh siad tuisle. Óir táim i m’athair ag Iosrael, agus is é Eafraím mo chéadghin mic. **Briathar an Tiarna.**

### Salm le Freagra [Ps 125]

**Freagra: Rinne an Tiarna éachtaí dúinn, táimid go lúcháireach.**

- Nuair a thug an Tiarna príosúnaigh Síón abhaile ba chosúil sinn le daoine ag brionglóidigh. Ansin líonadh ár mbéal le gáire, agus ár dteanga le gairdeas. **Freagra**
- Ansin bhíothas á rá i measc na gciníocha: ‘Rinne an Tiarna éachtaí.’ Rinne an Tiarna éachtaí dúinn: táimid go lúcháireach. **Freagra**
- Cuir sonas orainn arís, a Thiarna, ar nós na sruthanna san fhásach ó dheas. An mhuintir a chuireann síol le deora, bainfidh siad an fómhar le gairdeas. **Freagra**

- Ag imeacht dóibh imíonn siad ag sileadh na ndeor, agus iad ag iompar síl chun a scaipthe; ag teacht dóibh tiocfaidh siad le gairdeas, agus a bpunanna á n-iompar acu. **Freagra**

### An Dara Léacht

*Is sagart síoraí thú ar nós Mheilcizidic.*

#### Sliocht as Litir chuig na Eabhraig [5:1-6]

Gach ardsagart a thógtar as na daoine, ceaptar é chun seirbhís a dhéanamh do Dhia thar ceann na ndaoine. Ofrálann sé tabhartais agus íobairtí in éiric peacaí. Is féidir dó trua a ghlacadh do dhaoine atá aineolach agus atá ag dul ar fán de bhrí go bhfuil sé féin lag ó gach taobh. Dá dheasca sin freisin ní foláir dó íobairtí a ofráil in éiric peacaí, ní amháin thar ceann an phobail ach ar a shon féin chomh maith. Agus ní ghabhann aon duine an gradam seo chuige féin mura bhfaigheann sé gairm ó Dhia mar a fuair Áróin. Mar an gcéanna níor thug Críost gradam ardsagairt dó féin ach fuair sé é ón té a dúirt leis: ‘Is tú mo Mhac; ghin mé thú inniu.’ Agus in áit eile fós deir sé leis: ‘Is sagart síoraí thú ar nós Mheilcizidic.’ **Briathar an Tiarna.**

#### Comhgháir an Tsoiscéil

Alleluia Alleluia  
Is mise solas an tsaoil, a deir an Tiarna; an té a leanfaidh mise beidh solas na beatha aige. Alleluia

### An Soiscéal

*Rabúní, mo radharc a bheith agam!*

**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Marcas [10:46-52]**

San am sin tháinig siad go Ireachó; agus ag dul amach as Ireachó d’Íosa fara a dheisceabail agus slua mór, bhí dall, fear déirce, Bairtiméas mac Thiméas, ina shuí le hais an bhóthair. Nuair a chuala sé gurbh é Íosa an Nazairéanach a bhí ann thosaigh sé ar screadach agus ar a rá: “A Mhic Dháiví, a Íosa, déan trócaire orm!” Agus bhagair a lán daoine air a bheith ina thost, ach is ea ba mhó a scread sé: “A Mhic Dháiví, déan trócaire orm.” Stad Íosa agus dúirt: “Glaoi­gí anseo air.” Agus ghlaoigh siad ar an dall á rá leis: “Bíodh misneach agat! Éirigh! Tá sé ag g­laoch ort!” Chaith sé siúd de a bhrat, d’éirigh de phreab, agus tháinig chun Íosa. Ansin labhair Íosa leis: “Cad ab áil leat mé a dhéanamh duit?” ar sé. Dúirt seisean leis: “Rabúní, mo radharc a bheith agam!” Dúirt Íosa leis: “Imigh leat! Shlánaigh

do chreideamh thú.” Tháinig a radharc dó láithreach agus lean sé é sa tslí.

**Soiscéal an Tiarna.**

### Guí An Phobail

**Ceiliúraí:** Is é grá Chríost a chruinníonn mar phobal sinn ar Dhomhnach Domhanda seo na Misean ionas go ndéanfaí sinn a athnuachan tríd an gceiliúradh agus ionas go gcuirfí beocht úr inár gcreideamh, agus inár dtiomantans, do scaipeadh an tSoiscéil go dígeann an domhain, agus, ar an ábhar sin, guímis chuig ár nAthair grámhar.

- Dár nAthair Naofa, An Pápa Proinsias: go leana sé air ag aoireacht, ag mairsiú agus ag athnuachan an tréada faoina chúram. A Thiarna, éist linn. **A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**
- Do mhisinéirí: fir agus mná le creideamh atá tar éis a dtíortha dúchais a fhágáil le bheith ina bhfinnéithe ar an Soiscéal i ngach cearn den domhan, go bhfaighe an Eaglais Uilíoch treoir, don deisceablacht mhiseanach, óna ndea-shampla de ghrá agus de thrócaire. A Thiarna, éist linn. **A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**
- Don Eaglais go léir ar misean sa domhan: go seola ár gcreideamh in Íosa Críost críostaithe chun a bheith fial lena mbuanna d’fhonn cumainn shlánaitheacha bheo a chruthú le daoine eile. A Thiarna, éist linn. **A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**

- Go dtaga deireadh le paindéim COVID-19. Go dtaga biseach orthu siúd a bhfuil an víreas orthu agus go bhfaighe siad siúd atá ag tabhairt aire dóibh an chabhair leighis agus an tacaíocht a theastaíonn uathu chun a gcuid oibre, a shábhálann beatha daoine, a dhéanamh. A Thiarna, éist linn. **A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**

- Do dhaoine óga atá ag machnamh ar a ngarimeacha beatha: go bhfreagraí mórán daoine óga an ghairm le bheith ina misinéirí. A Thiarna, éist linn. **A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**

- Don phobal atá cruinnithe le chéile anseo: go dtuga ár dtacaíocht inniu do scaipeadh an tsoiscéil go comaoin níos dlúithe sinn lenár ndeartháireacha, agus lenár ndeirfiúracha, ar fud an domhain. A Thiarna, éist linn. **A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**

- Do phobail chreidimh sna críocha i gcéin, go háirithe dóibh siúd atá ag fulaingt géarleanúna: go n-aithneofaí a gcearta daonna, a gcomhionannas agus a saoirse reiligiúnach. A Thiarna, éist linn. **A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**
- Do mhisinéirí nach maireann agus dár mairbh go léir: go gcuire Dia fáilte rompu isteach i solas a Ríochta. A Thiarna, éist linn. **A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.**

**Ceiliúraí:** A Dhia, ár nAthair grámhar, chuir tú do Mhac inár measc chun do phlean iontach don slánú a fhoilsiú. Ar Dhomhnach Domhanda seo na Misean, cuir amach mar mhisinéirí ar lúcháir an tsoiscéil sinn chuig na daoine a mbuailimid leo. Seo é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Áiméan.**

### Liotúirge na hEocairiste

### Os Cionn na nOfrálacha

Glac, a Thiarna, le tabhartais na hEaglaise impíche agus, arna nglacadh go dté siad suas l láthair do mhórgachta faoi mar ab ionúin leat an pháis ghlórmhar a d’fhulaing do Mhac ar son shlánú an domhain go léir. Eisean a mhaireann agus a rialaíonn trí shaol na saol.

**Paidir Eocairisteach ar son Riachtanas Éagsúil III** [Leabhar Aifrinn Rómhánach pp. 786 ff]

Is ceart agus is cóir dúinn, do deimhin, is cuí agus is tairbheach buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit, a Athair naofa, a Thiarna neimhe agus talaimh trí Chríost, ár dTiarna.



Óir trí Bhriathar chruthaigh tú an domhan agus rialaíonn tú an uile ní le cothromas. Thug tú an Briathar i gcolainn dhaonna dúinn mar idirghabhálaí; is é a labhair do bhriathra linn agus a ghlaoigh orainn len é féin a leanúint. eisean an tslí a thugann sinn chugatsa; eisean an bheatha a líonann sinn le háthas.

An cine daonna a chruthaigh tú chun glóire d’ainm, bailíonn tú in aon teaghlach amháin iad, trí do Mhac agus iad fuascailte le fuil a chroise agus sínithe le séala an Spioraid Naoimh.

Dá bhrí sin, fógraímid do ghlóir anois agus go deo mar aon leis n hAingil go léir ag glaoch os ard l gceiliúradh gliondrach:

**Is Naofa, Naofa, Naofa thú...**

### An Chomaoineach [Sm 116:1-2]

Molaigí an Tiarna, a chiníocha uile; molaigí le chéile é, a phobal go léir; óir deimhníodh a thrócaire orainn agus maireann fírinne an Tiarna go brách.

### An Iarchomaoineach

Go ndéana ár bpáirt l do bhéile sinn a naomhú, impímid ort, a Thiarna, ionas go nglacfaidh gach cine go lúcháireach trí shacraimint d’Eaglaise an slánú a chuir do Mhac Aonghine l gcrích ar an gcros. Trí Chríost ár dTiarna.

**This is for guidance only - please refer to the Missal for full texts**